An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Téarmaí agus Coinníollacha

Conas a roghnófar na buaiteoirí?
Cuirfear fáilte roimh iontrálacha ó Scoileanna Béarla, Gaelscoileanna agus Scoileanna Gaeltachta araon.

Ní mór físeán a thaifeadadh de na naíonáin ag canadh i nGaeilge agus ag léiriú **ceann amháin de na scileanna corpoideachais** seo: rith, bogshodar, léimneach, ag casadh ropa nó modhanna éagsúla chun éirí agus tuirling. Féach ar na hacmhainní lúthchleasaíochta nua ó COGG le cinntiú go bhfuil na scileanna a bhaineann le rith agus léim á ndéanamh i gceart ag na páistí.

Caithfidh tú úsáid a bhaint as **ceann amháin de na hamhráin** seo thíos:

- Seo an tSlí a mBímid ag Rith ar Scoil (Ceacht 2)
- Tá an Froigín Beag sa Linn (Ceacht 3)
- An bhFaca tú Coinín Beag? (Ceacht 4)
- Rann scipeála (Ceacht 5)

Tá na hamhráin chuí ar fáil sna hacmhainní lúthchleasaíochta anseo ar shuíomh COGG: '**Corpoideachas trí Ghaeilge**': **https://www.cogg.ie/corpoideachas-tri-ghaeilge/**

Tabhair faoi deara:
- Beidh an bua ag na físeáin a chuireann béim ar na dea-scileanna agus na scileanna cearta corpoideachais.
- Níl aon teorainn le líon na scoláirí is féidir a bheith páirteach san fhíseán.
- Leagfar béim ar fhíseáin a bhfuil samhlaíoch, nuálaíoch agus cruthaitheach. Is féidir úsáid a bhaint as culaith bhréige, maisc, póstaeir agus uirlisí ceoil, mar shampla.
- Ní mór don fhíseán a bheith 2-5 nóiméad ar fad.

Sonraí Iontrála
Cuir ríomhphost chuig **caitlin@cogg.ie** roimh an **28 Feabhra 2025** leis an bhfíseán agus sonraí iontrála na scoile: Ainm an Mhúinteora, Ríomhphost, Uimhir Fóin, Ainm na Scoile, Seoladh na Scoile.

Cad iad na duaiseanna?
Tá 10 ndearbhán McSport ar luach €1,000 le buachan. Beidh trí rannóg ar leith ann:
1. Scoileanna Béarla (6)
2. Scoileanna Gaeltachta (2)
3. Gaelscoileanna (2)

Beidh sé de cheart ag COGG na físeáin seo a úsáid mar ábhar poiblíochta amach anseo. Bí cinnte go bhfuil cead tuismitheora faighte sular gcuirfidh tú aon fhíseán chugainn.